Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2021
(OR. en, pl, fr)

7992/21
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0226(NLE)**

RECH 161
COMPET 263
ATO 28
CADREFIN 184

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14206/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9871/18 + ADD 1-6 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht<br>*- Ráiteas ó thoscaireacht na Polainne*<br>*- Dearbhú ó thoscaireacht Lucsamburg*<br>*- Ráiteas ó thoscaireacht na hOstaire* |

## Oświadczenie Polski

Równość kobiet i mężczyzn została zapisana w traktatach Unii Europejskiej jako podstawowe prawo. Polska zapewnia równość kobiet i mężczyzn w ramach polskiego krajowego systemu prawnego zgodnie z międzynarodowymi traktatami praw człowieka oraz w ramach podstawowych wartości i zasad Unii Europejskiej. Z tych powodów w wyrażeniach zawierających termin płeć (gender), Polska będzie interpretowała ją jako równość kobiet i mężczyzn zgodnie z art. 8 TFUE.

*Courtesy translation*

## Ráiteas ón bPolainn

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i gcás foclaíocht ina dtagraítear d’inscne, déanfaidh an Pholainn léiriú air mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.

**Dearbhú ó Lucsamburg**

Le Luxembourg reste, de manière générale, très critique en ce qui concerne le financement des activités de recherche nucléaire par l'Union européenne. Le Luxembourg souhaiterait qu'une orientation des fonds européens, davantage axée sur les énergies renouvelables, soit exploitée à l'avenir. La proposition de 'Règlement du Conseil établissant le programme de recherche et de formation de la Communauté européenne de l'énergie atomique pour la période 2021-2025 complétant le programme-cadre pour la recherche et l'innovation "Horizon Europe"', ne préconisant pas une telle orientation, la position du Luxembourg reste inchangée. Malgré les réticences quant au contenu de cette décision, le Luxembourg est cependant en mesure de lever sa réserve générale et s'abstient par conséquent du vote.

*Courtesy translation*

Go ginearálta, tá Lucsamburg fós an-chriticiúil i dtaobh an chistithe atá curtha ar fáil ag an Aontas Eorpach do ghníomhaíochtaí taighde núicléacha. Ba mhaith le Lucsamburg go mbainfí tairbhe amach anseo as atreorú ar chistí Eorpacha agus go ndíreofaí ar an bhfuinneamh inathnuaite sna cistí sin. Ós rud é nach moltar atreorú den chineál sin sa togra le haghaidh 'Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht', níl aon athrú tagtha ar sheasamh Lucsamburg. D'ainneoin an drogaill atá uirthi maidir le hábhar an Rialacháin sin, tá Lucsamburg in ann a forchoimeádas ginearálta a tharraingt siar agus staonfaidh sí ón vótáil dá bhrí sin.

**Ráiteas ón Ostair**

I gClár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach 2021-2025, tá béim á cur fós ar an tsábháilteacht núicléach, ar an tslándáil agus ar an gcosaint ar radaíocht a fheabhsú. Ina theannta sin, is é is aidhm leis an gclár gnóthú chuspóirí neamh-núicléacha Fís Eorpach a chomhlánú, *inter alia* i gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh. Is é tuiscint na hOstaire go gceanglaítear leis an bhforáil seo de Chlár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach go ndéanfaí sa taighde ábhartha núicléach údar cuí a thabhairt do ghníomhaíochtaí a mhéid a bhaineann lena rannchuidiú leis an aistriú rathúil chuig fuinneamh neamh-núicléach, aistriú a rannchuideofar leis faoi Fís Eorpach sna blianta amach romhainn.

Meabhraítear don Ostair an tuairim uaithi nach rogha inmharthana, costéifeachtach ná inbhuanaithe é úsáid eamhnaithe núicléach in earnáil an fhuinnimh chun an iarmhairt ceaptha teasa a chomhrac. Ní thacaíonn an Ostair le cistiú ón Aontas nó ó aon chreat tacaíochta ar an leibhéal Eorpach le haghaidh stáisiúin cumhachta núicléiche. Toisc go bhfuil débhríocht fós i ndáil leis sin sa téacs comhréitigh ar thángthas air ar an leibhéal polaitiúil, staonfaidh an Ostair, i gcomhréir lena comhthoil pholaitiúil sheanbhunaithe ar an leibhéal náisiúnta.